Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2021
(OR. en)

6446/21
ADD 29

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0048(NLE)

RECH 72
COMPET 123
IND 40
MI 105
SAN 82
TRANS 94
AVIATION 42
ENER 50
ENV 94
SOC 95
TELECOM 70
AGRI 79
SUSTDEV 22
REGIO 29
IA 22

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 38 final - Cuid 8/9 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú An Chomhpháirtíocht Eorpach um Eoraip bhithbhunaithe chiorclach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 38 final - Cuid 8/9.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 38 final - Cuid 8/9

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
SWD(2021) 38 final

PART 8/9

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

**An Chomhpháirtíocht Eorpach um Eoraip bhithbhunaithe chiorclach**

{COM(2021) 87 final} - {SEC(2021) 100 final} - {SWD(2021) 37 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad) |
|---|
| Measúnú tionchair ar Chomhpháirtíocht Eorpach um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe (CBE) |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is ann d'fhadhbanna eacnamaíocha agus comhshaoil araon, agus tugtar aghaidh orthu i gcomhthráth. An phríomhfhadhb ná an 'easnamh triarach' ar leibhéal na nuálaíochta, an ghlactha margaidh agus na hinbhuanaitheachta. Mar thoradh air sin, ní dhéantar gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chomhtháthú go leordhóthanach san Aontas, agus as sin tagann próiseas níos moille nuálaíochta. I gcomhthráth, cuirtear bac ar réitigh aibí bhithbhunaithe atá ann cheana margaí a bhaint amach agus ní dhéantar a bhfeidhmíocht chomhshaoil a chosaint go huathoibríoch. Is iad na príomhfhadhbanna eolaíochta agus teicneolaíochta a dtugann CBE aghaidh orthu comhar taighde agus nuálaíochta agus trasearnála agus aistriú eolais neamhleor ar réitigh inbhuanaithe chiorclacha bhithbhunaithe. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é an cuspóir foriomlán atá ann aistriú na sochaí chuig geilleagar inbhuanaithe bithbhunaithe a chur ar aghaidh trí thaighde agus nuálaíocht a mhéadú ar réitigh inbhuanaithe iomaíocha chun ciorclaíocht agus úsáid bithmhaise, iarmhar agus dramhaíola a mhéadú. Is é is aidhm dó freisin cur chuige réigiúnach a ghlacadh le linn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe agus an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo choincheap an 'Phláinéid Fholláin'. Is iad na cuspóirí eolaíochta feabhas a chur ar an gcumas taighde agus nuálaíochta maidir le réitigh chiorclacha bhithbhunaithe agus comhroinnt eolais níos fearr a áirithiú, laistigh de shlabhraí luacha agus eatarthu, agus ar fud na hEorpa, agus chun taighde agus nuálaíocht ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta a áireamh. Is iad na cuspóirí eacnamaíocha feabhas a chur iomaíochas réigiúin na hEorpa san earnáil agus aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh thionscal bithbhunaithe na hEorpa tríd an nuálaíocht agus bithscaglanna nua a choimeád laistigh den Eoraip. Is iad na príomhchuspóirí sochaíocha rannchuidiú le geilleagar ciorclach a fheidhmíonn go hinbhuanaithe, agus feabhas a chur ar chiorclaíocht na hearnála bithbhunaithe, agus feabhas a chur ar a lorg comhshaoil dá réir sin. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Comhcheanglaíonn an tionscnamh saineolas agus teicneolaíochtaí atá ar fáil i mBallstáit, réigiúin agus slabhraí luacha an Aontais, agus sineirgí breise a chruthú ar an gcaoi sin. Féadfar tionscadail CBE a chomhcheangal le tionscadail náisiúnta agus le tionscadail a dtacaíonn cistí struchtúracha agus réigiúnacha an Aontais leo. Ní freagracht náisiúnta é aghaidh a thabhairt ar fhormhór na mbacainní roimh gheilleagar bithbhunaithe, ach tá sé faoi réir rialaithe ar leibhéal an Aontais, lena ngabhann rialacha maidir leis na gnéithe seo a leanas, mar shampla: gnéithe den soláthar bithmhaise inbhuanaithe; tarraingt mhargaidh trí bhíthin spriocanna; caighdeánú táirgí; lipéadú agus scéimeanna soláthair phoiblí ghlais; agus feidhmíocht chomhshaoil. Gan idirghabháil ar leibhéal an Aontais, ní dhéanfaí gníomhaíocht leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |

Breithníodh na roghanna seo a leanas mar mhodhanna chun tacú le taighde agus nuálaíocht:

- glaonna traidisiúnta faoin gcreatchlár (rogha bhonnlíne);
- comhpháirtíocht Eorpach chomh- chláreagraithe (rogha 1); agus
- comhpháirtíocht institiúidithe Eorpach faoi Airteagal 187 CFAE (rogha 3).

Cé go soláthródh an dá rogha comhpháirtíochta torthaí níos fearr ná na glaonna traidisiúnta, bheadh comhpháirtíocht institiúidithe (rogha 3) níos fearr ná comhpháirtíocht chomh- chláreagraithe. Bhí an scór foriomlán ab airde ag an rogha sin, mar gheall ar thionchair fhéideartha eacnamaíocha agus shóisialta níos mó agus comhleanúnachas níos fearr le cláir sheachtracha.

Is í Rogha 3 an rogha thosaíochta ar na cúiseanna seo a leanas:

- Is féidir léi cuspóirí an chláir a bhaint amach go héifeachtach trí chomhpháirtithe tiomanta tionscail agus gníomhaithe eile (e.g. na Ballstáit, réigiúin, lucht léinn agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta) a oibreodh le chéile faoi mhúnla iomchuí rialachais a bheith rannpháirteach.
- Soláthraíonn sí trédhearcacht agus oscailteacht leordhóthanach i roghnú na dtosaíochtaí agus na gcuspóirí agus i rannpháirtíocht comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ar fud an tslabhra luacha ar fad, ó earnálacha, cúlraí agus disciplíní éagsúla, lena n- áirítear gníomhaithe idirnáisiúnta (nuair is ábhartha agus gan cur isteach ar iomaíochas na hEorpa).
- Cuirfidh a nósanna imeachta foirmiúla ar a gcumas do FBManna a bheith rannpháirteach, chomh maith le scaipeadh agus úsáid torthaí.
- Soláthraíonn sí ardleibhéal breisíochta, eadhon ardchumas i leith na dtionscal bithbhunaithe a struchtúrú.
- Áirithíonn sí treoíocht trí ghealltanais comhpháirtithe chun spriocanna sonracha a chomhlíonadh a chur ar bhonn foirmiúil, rud a chuideoidh ar deireadh le cuspóirí beartais ardleibhéil a bhaint amach.
- Ó thaobh an mhaoinithe de, tá ranníocaíochtaí agus/nó rannchuidiú comhchineáil ó chomhpháirtithe eile seachas ón Aontas de idir 50 % agus 75 % de bhuiséad foriomlán na comhpháirtíochta Eorpaí mar chuid de. Táthar ag súil go mbeidh formhór an ghealltanais airgeadais de chineál comhchineáil agus – ar bhonn níos lú – gur i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais laistigh de thionscadail seachas ar leibhéal an chláir a bheidh sé.
- Áiritheofar a chomhleanúnachas agus sineirgí laistigh de thírdhreach taighde agus nuálaíochta an Aontais trí chomhaontuithe foirmiúla idir an tionscnamh atá molta agus tionscnaimh eile, chomh maith le trí shocrú comhchruthaitheach cláir oibre agus tiomantas na foirne tacaíochta.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Thug tromlach (breis agus 50 %) na bhfreagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí le fios go raibh roinnt de chuspóirí na comhpháirtíochtaí fíor- riachtanach, go háirithe spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach. Bhraith freagróirí go raibh forbairt cuibhreannas, slabhraí luacha Eorpacha agus teicneolaíochta ina mbuntáistí, ach bhí siad den tuairim gur míbhuntáiste a bhí san ualach riaracháin. Meastar gurb é an fhadhb is mó an bhearna nuálaíochta san Aontas ó thaobh torthaí taighde a aistriú ina dtáirgí nuálacha ciorclacha bithbhunaithe. Measann an tromlach (breis agus 50 %) go bhfuil rannpháirtíocht tionscail an- ábhartha, agus go bhfuil raon feidhme agus cumhdach na comhpháirtíochta ceart. Cé go measann formhór na bpáirtithe leasmhara (54 %) a d’fhreagair an comhairliúchán gurb í an chomhpháirtíocht institiúidithe is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna, ba lú tacaíocht na saoránaigh.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

D’fhéadfadh gach gníomhaí sa gheilleagar bithbhunaithe leas **eacnamaíoch** a bhaint as, rud a cheadódh forbairt chothrom réigiúnach/áitiúil. Táthar ag súil freisin le hioncam níos airde, níos sláine le haghaidh príomhtháirgeoirí bithmhaise, i réigiúin atá ar chaolchuid deiseanna chomh maith. Ar na buntáistí eile tá fás eacnamaíoch le haghaidh FBManna, giaráil níos láidre infheistíochtaí le haghaidh bithscaglann agus a n- oibreoirí eacnamaíocha (gníomhaithe tionscail), agus rannpháirtíocht agus tiomantas fadtéarmach gach gníomhaí. Meastar go rachaidh sé chun sochair do bhardais agus do réigiúin trí chostais diúscartha dramhaíola bitheolaíche a laghdú.

Meastar gurb é an **tionchar sochaíocha** a bheidh ann rochtain fheabhsaithe ar réitigh nuálacha bhithbhunaithe san Eoraip, agus glacadh feabhsaithe leo, cumhachtú pobal áitiúil/réigiúnach lena n- acmhainní nádúrtha a bhainistiú, agus cruthú (nó athfhorbairt fheabhsaithe) boinn nua áitiúil/réigiúnaigh monaraíochta. Beidh rochtain ag gníomhaithe margaidh amhail úinéirí branda agus tomhaltóirí ar tháirgí níos inbhuanaithe.

Is iad na **tionchair chomhshaoil** is tábhachtaí. Cuideoidh bithmhais a tháirgeadh agus a phróiseáil ar bhealach níos inbhuanaithí agus bithdhramhaíl a úsáid mar amhábhar le hastaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus coinbhleachtaí le táirgeadh bua, ró- eastóscadh bithmhaise, agus athruithe neamh- inbhuanaithe úsáide talún a sheachaint. Cuideoidh sé sin le héiceachórais agus an bhithéagsúlacht a athneartú. Cuirfidh táirgeadh lúbiata agus tarrtháil bhithmhaise leis an gciorclaíocht. Cuirfidh CBE feabhas ar éifeachtúlacht acmhainní slabhraí luacha, e.g. trí chothaithigh a athshlánú i gcomhair na talmhaíochta agus na foraoiseachta ó shruthanna dramhaíola (lena n- áirítear fuíolluisce) agus iarmhair talmhaíochta.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Toisc go gcuirfeadh rogha 3 leis an struchtúr um Thionscail Bhithbhunaithe atá ann cheana, bheadh costais reatha oifige Comhghnóthais de dhíth chuige sin d’fhad an tionscnaimh. Bheadh EUR 30 milliún i gcostais riaracháin le haghaidh gnólachtaí agus an méid céanna le haghaidh an Aontais i gceist leis sin. Is ionann sin agus 1- 2 % de chostais fhoriomlána an tionscnaimh. Déantar an costas sin a chúiteamh den chuid is mó ag na buntáistí a luaitear thuas, agus go háirithe éifeachtaí giarála an chómhaoinithe chun scála na n- acmhainní a bhaint amach is gá chun aghaidh a thabhairt ar na spriocanna uaillmhianacha.

Níltear ag súil le haon tionchar diúltach eacnamaíoch, sóisialta ná comhshaoil ná costais chomhlíontachta.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Níltear ag súil le haon éifeacht dhiúltach ar FBManna ná iomaíochas. Meastar gur tionchar dearfach a bheidh i ngach tionchar. Bunaithe ar an taithí an- dearfach le Comhghnóthas BBI (an- rannpháirtíocht FBManna i dtionscadail, lena n- áirítear ina gcomhordú), baineann rogha 3 scór ard amach maidir leis an ngné seo.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Níltear ag súil le haon tionchar ar bhuiséid náisiúnta ná ar údaráis riaracháin náisiúnta ná le haon deacracht cur chun feidhme.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Ní bheidh, mar tugtar tuairisc ar na tionchair ar fad thuas.

| Comhréireacht? |
| --- |
| Soláthraíonn an rogha thosaíochta na gnéithe ar fad chun na cuspóirí a bhaint amach agus ní théann sí thar a bhfuil riachtanach chun an fhadhb a réiteach. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| I gcomhréir leis an amscála a leagtar amach sa Rialachán maidir le Fís Eorpach, déanfar an mheastóireacht eatramhach tráth nach déanaí ná 4 bliana i ndiaidh an dáta a thosóidh an tionscnamh, agus déanfar meastóireacht chríochnaitheach tráth nach déanaí ná 4 bliana i ndiaidh a dheiridh. |